

**AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH  
RÁITIS AIRGEADAIS  
AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31/12/20**

**AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH  
RÁITIS AIRGEADAIS  
AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31/12/20**

**INNÉACS**

<b><u>CLÁR ÁBHAR</u></b>	<b><u>LEATHANACH</u></b>
Faisnéis Ghinearálta	2
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	3-6
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach	7-9
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	10-11
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta	12
An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	13
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	14
An Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	15
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	16-33

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Eolas Ginearálta

### Comhaltaí Boird:

### Comhaltaí Boird Reatha:

- Catherine Heaney (ceaptha in Iúil 2021)
- Seán Sheridan (ceaptha i Samhain 2015, athcheaptha i Nollaig 2020)
- Mary Doyle (ceaptha i nDeireadh Fómhair 2018, athcheaptha in Aibreán 2019)
- Tim Duggan (ceaptha i Meitheamh 2015, athcheaptha i Meán Fómhair 2017)
- Mary Higgins (ceaptha i Meitheamh 2016, athcheaptha i Meitheamh 2021)
- Tina Leonard (ceaptha i Meitheamh 2016, athcheaptha i Meitheamh 2021)
- Cearbhall Ó Meadhra (ceaptha i Meitheamh 2016, athcheaptha i Meitheamh 2021)
- Ian Power (ceaptha i Meitheamh 2016, athcheaptha i Meitheamh 2021)
- John Saunders (ceaptha i Meitheamh 2016, athcheaptha i Meitheamh 2021)
- Nicola Walshe (ceaptha i Márta 2017, athcheaptha i Samhain 2017)
- Teresa Blake (ceaptha i Nollaig 2020)
- Joan O'Connor (ceaptha i Nollaig 2020)

**Cathaoirleach:** Catherine Heaney

**Seoladh:** Teach Ché Sheoirse  
43 Sráid Chnoc na Lobhar  
Baile Átha Cliath 2

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:** Fiona Coyne

**Rúnaí:** Graham Long

**Aturnaetha:** Ronan Daly Jermyn  
2 Plás na Páirce  
Páirc Gheata na Cathrach  
Rinn Mhachan  
Corcaigh

**Baincírí:** Bainc-Aontas Éireann  
52 Sráid Bhagóid Uachtarach  
Baile Átha Cliath 4

**Iniúcháirí:** An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
3a Sráid an Mhéara Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1

# An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoin Acht um Chomhairle, 2000. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 7 den Acht seo. Tá an Bord cuntasach don Aire Coimirce Sóisialaí agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh faoi na príomh-shaincheisteanna gnó go léir. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (an POF) agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Caithfidh an POF agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treorú straitéiseach foireann a thugann an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus le haon rioscaí suntasacha is dóchúil a thiocthaidh aníos. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

## Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar obair agus freagrachtaí an Bhoird amach sa Chód Cleachtais do Chomhaltaí Boird, an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an Rúnaí, ina gcuimsítear, chomh maith, na ceisteanna nach féidir ach leis an mBord cinneadh a dhéanamh orthu. I measc na mbuanearraí a bhreithníonn an Bord, tá an méid seo a leanas:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ceisteanna forchoimeáda.

Ceanglaítear in Alt 22 (4a) den Acht um Chomhairle ar Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun ráitis airgeadais cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé a ullmhú, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh de bheith ag oibriú; agus
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta aige agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Tá an Bord freagrach maidir le leabhair chuntais chearta a choimeád ina dtaispeántar go réasúnta cruinn ag aon am seasamh airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a cumas cinnte a dhéanamh go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Tá an Bord freagrach as coimeád agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tá an Bord freagrach as an bplean gnó agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déanann an Bord monatóireacht ar fheidhmíocht an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh trí thagairt a dhéanamh don phlean gnó agus an buiséad bliantúil trí nuashonruithe ar an bplean agus feidhmíocht airgeadais ag gach cruinniú Boird.

Tá an Bord freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaíochas agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar i ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh léiriú fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh an 31 Nollaig 2020.

D'fhaomh an Bord síniú an ráitis seo agus ráiteas airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 an 15 Nollaig 2021.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhaltaí dhéag sa Bhord agus ceapann an tAire Coimirce Sóisialaí gach duine díobh. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse cúig bliana agus casann siad ar a chéile ocht n-uaire sa bhliain. Rinne an tAire Coimirce Sóisialaí cúigear comhaltaí an Bhoird a athcheapadh i Meitheamh 2021. Níor thit cruinniú Boird sceidealaithe amháin amach i Márta 2020 mar gheall ar thosach phaindéim Covid-19. Sonraítear sa tábla thíos an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha	Sonraí Breise
Catherine Heaney	Cathaoirleach	Iúil 2021	
Ita Mangan	Cathaoirleach	Meitheamh 2015	Scortha i Nollaig 2020
Seán Sheridan	Gnáthchomhalta	Samhain 2015	Athcheaptha i Nollaig 2020
Eilis Barry	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2018	Scortha i Márta 2020
Teresa Blake	Gnáthchomhalta	Nollaig 2020	
James Clarke	Gnáthchomhalta	Meán Fómhair 2016	Scortha i Meán Fómhair 2021
Mary Doyle	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 2018	Athcheaptha in Aibreán 2019
Tim Duggan	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2015	Athcheaptha i Meán Fómhair 2017
Josephine Henry	Gnáthchomhalta	Márta 2010	Athcheaptha i Márta 2015, scortha i Márta 2020
Mary Higgins	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Athcheaptha i Meitheamh 2021
Tina Leonard	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Athcheaptha i Meitheamh 2021
Joanne McCarthy	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Scortha i nDeireadh Fómhair 2021
Niall Mulligan	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Scortha i Meitheamh 2021
Joan O'Connor	Gnáthchomhalta	Nollaig 2020	
Cearbhall O'Meadhra	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Athcheaptha i Meitheamh 2021
Ian Power	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Athcheaptha i Meitheamh 2021
John Saunders	Gnáthchomhalta	Meitheamh 2016	Athcheaptha i Meitheamh 2021
Nicola Walshe	Gnáthchomhalta	Márta 2017	Athcheaptha i Samhain 2017

Rinne an Bord Athbhreithniú seachtarach Meastóireachta agus Éifeachtachta an Bhoird i bhFeabhra 2020.

Bhunaigh an Bord trí choiste, na coistí seo a leanas ina measc:

- An Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca:** Rinne an Bord an cinneadh in Iúil 2020 cumasc a dhéanamh leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais. Thionóil an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca a chéad chruinniú i Meán Fómhair 2020. Is éard atá i mballraíocht an choiste seo ná ceathrar comhaltaí Boird agus triúr comhaltaí neamhspleácha. Is iad comhaltaí an choiste seo: John Saunders (Cathaoirleach), Seán Sheridan, Cearbhall Ó Meadhra, Mary Doyle, Lorcan O'Connor, Cyril Sullivan agus Alex Hoare. Is é ról an Choiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as saincheistanna airgeadais, riosca, rialachais agus dearbhaithe ghaolmhair. Tá an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca neamhspleách ón mbainistíocht airgeadais a dhéantar ar an eagraíocht. Cinntíonn an Coiste, ach go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúcháireachta ina measc. Thionóil an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca dhá chruinniú in 2020.

Ba iad comhaltaí **an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca** go dtí Iúil 2020: John Saunders (Cathaoirleach), Ian Power, Ita Mangan, Seán Sheridan (go Samhain 2020), Cearbhall Ó Meadhra, Josephine Henry (go Márta 2020), Mary Doyle agus Cyril Sullivan. Thionóil an CIR ceithre chruinniú in 2020.

Ba iad comhaltaí **an Choiste Airgeadais** go dtí Iúil 2020: Ian Power (Cathaoirleach), Ita Mangan, James Clarke, Cearbhall Ó Meadhra, John Saunders, Josephine Henry (go Márta 2020), Cyril Sullivan agus Lorcan O'Connor. Thionóil an Coiste Airgeadais dhá chruinniú in 2020.

- An Coiste um Beartas Sóisialach agus Taighde:** tá ceathrar comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin sa choiste. Is iad comhaltaí an choiste seo: Teresa Blake, Cearbhall Ó Meadhra, Mary Higgins, Tina Leonard agus Micheál Collins. Thionóil an Coiste um Beartas Sóisialach agus Taighde ceithre chruinniú in 2020.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

**3. An Coiste Straitéise agus Rialachais:** Bunaíodh an Coiste Straitéise agus Rialachais i Samhain 2020. Tá cúigear comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí neamhspleácha sa choiste. Is iad comhaltaí an choiste seo: Seán Sheridan (Cathaoirleach), Tina Leonard, Mary Higgins, Ian Power, Joan O'Connor, Senan Turnbull agus Richard Boyle. Thionóil an Coiste Straitéise agus Rialachais cruinniú amháin in 2020.

#### Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Comhalta Boird/Coiste	Bord	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	An Coiste Airgeadais	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	An Coiste Airgeadais , Beartas Sóisialach agus Taighde	An Coiste um Sóisialach agus Rialachais	Táillí 2020 €	Costais 2020 €
Líon na gCruinnithe	7	4	2	2	4	1		
Ita Mangan (Cathaoirleach)	7	2	1	2			8,978	0
Eilis Barry	1						855	0
James Clarke	0						0	0
Mary Doyle	7	4		2			5,985	0
Tim Duggan	4						0	0
Josephine Henry	0						0	0
Mary Higgins	6				4		5,985	0
Tina Leonard	6				2	1	5,985	0
Joanne McCarthy	6				4		5,985	0
Niall Mulligan	3						5,985	0
Cearbhall Ó Meadhra	6	3	1	1	4		5,985	0
Ian Power	7	3	2	2		1	5,985	0
John Saunders	6	4	2	2			5,985	0
Seán Sheridan	5	4	1	1		1	5,985	947
Nicola Walshe	6						0	0
Mícheál Collins (Seachtrach)	n/b					2	0	0
Lorcan O'Connor (Seachtrach)	n/b		2	1			0	0
Cyril Sullivan (Seachtrach)	n/b	3	2	2			1,414	0
							<b>65,112</b>	<b>947</b>

De réir Cód Cleachtais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh le haghaidh Comhaltaí, má d'fhreastail comhalta ar níos lú ná leath de na cruinnithe i rith bliana téarma, íocfar táille laghdaithe leis nó léi a ríomhtar ar bhonn pro rata. Faoi lánrogha an Chathaoirligh, an Cathaoirleach amháin, d'fhéadfadh sí athbhreithniú a dhéanamh ar an táille laghdaithe tar éis a chur san áireamh na cúinsí a bhí mar chúis leis an asláithreacht. Íocadh an táille iomlán le haghaidh 2020 le comhalta amháin a bhí as láthair do bhreis agus leath de na cruinnithe in 2020.

Níor íocadh táille Bhoird le beirt chomhaltaí Boird a bhí ag oibriú, Nicola Walshe agus Tim Duggan, faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS). Tá Nicola Walshe fostaithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus tá Tim Duggan fostaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní nochtar tuarastal Nicola maidir lena dualgais mar fhostaí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh sa liosta de luachanna saothair comhaltaí Boird.

Cuireadh seacht gcruinniú Boird ar bun i rith 2020. Tugtar achoimre ar fhreastal ar na cruinnithe seo sa tábla thuas.

Baineann gach costais Boird le taisteal intíre.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## An Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

#### Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Liostaítear na hathruithe ar an bpríomhphearsanra i rith 2020 sa tábla thíos.

Ainm	Ról	Sonraí
Ita Mangan	Cathaoirleach an Bhoird	Tháinig deireadh le téarma an Bhoird i Nollaig 2020
Seán Sheridan	Leas-Chathaoirleach	Tháinig deireadh le téarma an Bhoird i Samhain 2020, athcheapadh é i Nollaig 2020
Eilis Barry	Comhalta Boird	Tháinig deireadh le téarma an Bhoird i Márta 2020
Josephine Henry	Comhalta Boird	Tháinig deireadh le téarma an Bhoird i Márta 2020
Teresa Blake	Comhalta Boird	Ceaptha leis an mBord i Nollaig 2020
Joan O'Connor	Comhalta Boird	Ceaptha leis an mBord i Nollaig 2020
Gráinne Griffin	Bainisteoir Sinsearach	Éiríthe as an BFS i Meitheamh 2020
Susan Shanahan	Bainisteoir Sinsearach	Ceaptha leis an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí i Meitheamh 2020

#### Nochtadh a Cheanglaítear sa Chód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh riachtanais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), amhail a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

- miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaí - leagtar amach i Nóta 4 leis na cuntais airgeadais,
- costais sainchomhairleoireachta (costais dlí ginearálta ina measc) - a leagtar amach i Nóta 7 leis na cuntais airgeadais,
- costais dlí agus socraíochtaí - seachas táillí dlí ginearálta agus táillí dlí diúscartha réadmhaoine €24,716, níor tabhaíodh aon chostais eile,
- caiteachas ar thaisteal agus cothabháil - leagtar seo amach i Nóta 5 leis na ráitis airgeadais, agus
- caiteachas ar fháilteachas - níor tabhaíodh aon chostais.

#### Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Seachas saincheist maidir le léas a fháil a tugadh chun solais sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach, chomhlíon an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go hiomlán sa bhliain 2020.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Seán Sheridan  
Comhalta Boird -  
Dáta: 16/12/2021

John Saunders  
Comhalta Boird  
Dáta: 16/12/2021

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

#### Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú. Tugtar san fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

#### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm riosca a bhainistiú i leith leibhéal infhulaingthe, seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-ú daraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ar aon dul leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm sa Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus a fhad le dáta faofa na ráiteas airgeadais.

#### Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca (AIR)\* ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ina bhfuil ceathrar comhaltaí Boird agus triúr comhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais, riosca agus iniúchóireachta acu. Tháinig an Coiste AIR le dhá uair in 2020 agus tháinig a réamhtheachtaí, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, le chéile ceithre huair in 2020.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, faoi mar a shainítear i gCairt um Iniúchóireacht Inmheánach an Bhoird. Cuireann anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochtta dó faisnéis ar fáil d'obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, agus tá pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. D'fhormhuinigh an Coiste AIR an anailís a rinneadh ar riosca agus na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus cheadaigh an Bord iad. Cuireann an tIniúcháir Inmheánach tuarascálacha ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an Bhoird. Déantar an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a sheachfhoinisí le gnóthas seachtrach.

D'fhorbair an Coiste AIR beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear ann ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann go léir a bhfuil súil acu oibriú laistigh de bheartais bhainistíochta riosca an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas ar rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá limistéar féin oibre.

#### Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainiú agus a thuariscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fóthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainiúitear na príomhrioscaí atá roimh an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus rinneadh iad seo a shainiú, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Coiste AIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn tréimhsiúil. Déanann an Bord athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár rioscaí faoi dhó gach bliain. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhoireann ar leith atá freagrach as oibriú na rialuithe. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach,
- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le cistiú deontais a sholáthar do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil dóthain rialaithe ar dheontais a fhaomhadh agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dheontaithe lena chinntiú gur cuireadh an cistiú deontais chun feidhme don chuspóir a beartaíodh.



# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

#### Rialachas an SFS agus an SBCA tar éis Athstruchtúrá

Tar éis próiseas athstruchtúraithe chuideachtaí an SFS agus an SBCA, shínigh gach Cuideachta SFS / an SBCA Comhaontú Seirbhíse leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ina leagtar amach na coinníollacha faoina bhfaigheann siad cistiú. Tá nósanna imeachta Rialuithe Airgeadais forbartha ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus cuimsítear iad mar chuid de na Comhaontuithe Seirbhíse. Riachtanas a bhaineann leis na nósanna imeachta Rialuithe Airgeadais is ea go gcuireann seirbhísí an SFS agus an SBCA sraith iomlán cuntas iniúchta ar fáil don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

\*Faoi mar a dtugtar cuntas air ar leathanach 4, rinneadh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais agus a chumasc in Iúil 2020.

#### Paindéim Covid-19

I ndiaidh gur fhógair an Roinn Sláinte an chéad chás den Choróinvíreas (Covid-19) in Éirinn an 29 Feabhra 2020, chas foireann Sheirbhísí Corparáideacha an BFS ar a chéile le plé a dhéanamh ar an bplean leanúnachais gnó agus le bearta agus gníomhartha teagmhais a chur i bhfeidhm le leanúnachas seirbhíse a chinntiú sa chás go bhfógródh an Rialtas srianta. Pléadh gach gné d'oibríochtaí an BFS sa mhullach ar phríomhrialuithe oibríochtúla, TF, Acmhainní Daonna, soláthair agus airgeadais. Cuireadh gníomhartha i bhfeidhm lena chinntiú go leanfadh na rialuithe de bheith á n-oibriú i gcás ina mbeifí ag oibriú as baile. Ina measc seo, bhí a chinntiú gur bronnadh an cumas ar an bpríomhfhoireann oibriú go cianda trí threalamh agus córais TF a sholáthar, an leibhéal reatha de leithdheighilt dualgais a choimeád ar bun laistigh de phríomhfheidhmeanna agus a chinntiú go raibh bearta slándála TF leordhóthanacha i bhfeidhm don chianoibriú, i measc rudaí eile.

I ndiaidh don Rialtas fógairt bhreise a dhéanamh an 12 Márta 2020, ordaíodh foireann uile an BFS oibriú as baile ón 16 Márta 2020. Chuir foireann TFC an BFS tabhairt isteach eile trealamh agus córais bhreise TF i bhfeidhm i measc fhoireann an BFS le hoibriú as baile a éascú. Tá liosta níos mionsonraithe de na ngníomhartha a chuir an BFS i bhfeidhm tar éis bhriseadh amach Covid-19 in Éirinn i Nóta 25 leis na ráitis airgeadais seo. Níor imir Covid-19 tionchar ar ráitis airgeadais 2020, faoi mar a dtugtar cuntas air i Nóta 24 leis na ráitis airgeadais.

Tugadh faisnéis do Bhord agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an BFS maidir le dul chun cinn pleannanna, ag gach tráth, trí Chathaoirleach an Bhoird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, ag cruinnithe sceidealaithe agus trí chruinnithe scríofa. Rinneadh riosca breise a bhain go sonrach le Covid-19 a dhoiciméadú agus cuireadh san áireamh é sa chlár rioscaí i ndiaidh gur fhaomh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca é.

#### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Bord, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaitnítear,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a thugann feidhmíocht le fios i leith na mbuiséad/dtuartha.

#### Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh le comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirínte reatha soláthair a chinntiú. Tugtar ceisteanna a thagann chun solais maidir le rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna um rialú inmheánach thíos.

#### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020 i Márta 2021.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

#### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

##### **Ciorclán 13/2014 a Chomhlíonadh**

Cheadaigh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh barrachas cistithe a choinneáil sna 21 Cuideachta Sholáthair Seirbhíse gan an t-údarás cuí ón Roinn Coimirce Sóisialaí (an RCS) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi mar a cheanglaítear i gCiorclán 13/2014. Bhí suim €7.784m de bharrachas cistithe á choimeád ag na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse an 31 Nollaig 2020. Thug an BFS an barrachas cistithe in 2021 don RCS a bheidh le cur i gcuntas i ráitis airgeadais na bliana sin. Ní cheadófar aon bharrachas cistithe a choimeád don bhliain 2022. Cuireadh próisis lena gcomhaontaítear i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an ciorclán.

##### **Soláthar Neamhchomhlíontach**

I rith 2020, tabhaíodh caiteachas €210,826 maidir le hearraí agus seirbhísí nár chomhlíon na nósanna imeachta a cuireadh chun feidhme na treoirínte soláthair. Is ionann seo agus dhá chonradh, ar an iomlán. Rinneadh díoltóirí nua a sholáthar go rathúil trí phróiseas tairisceana oscailte i mBealtaine 2020 agus Márta 2021.

Tugadh cúig chonradh neamhchomhlíontacha faoi deara sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2019 inar caitheadh €1,285,418, ar an iomlán. Astu seo, tugadh dhá chonradh a luaitear thuas anonn isteach in 2020; rinneadh dhá chonradh a sholáthar go rathúil agus bhí conradh amháin do sholáthar éigeandála aonuaire.

##### **Léas a Éadail**

D'iontráil an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh i rith 2020 isteach i léas d'áitreabh i gCill Chainnigh, ar chíos bliantúil €28,740. Iontráladh ann seo gan faomhadh an Aire Coimirce Sóisialaí nó an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a lorg. Teastaíonn faomhadh faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

---

Seán Sheridan  
Comhalta Boird -  
Dáta: 16/12/2021

---

John Saunders  
Comhalta Boird  
Dáta: 16/12/2021



# An tArd Reachtair Cuntas agus Ciste

## An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh

#### Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha na nAchtanna um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2000 agus 2007. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ina measc ar bheartais shuntasacha chuntasáiochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2020 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

#### **Bunús na tuairime**

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (CIIanna) faoi mar a d'fhógair an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin siúd san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus shásaigh mé m'fhreagrachtaí eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

#### **Tuairisciú ar fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile**

Chuir an Bord faisnéis áirithe eile i láthair, sa mhullach ar na ráitis airgeadais. Cuimsítear ann seo an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar m'fhreagrachtaí chun tuairisciú a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis siúd, agus ar cheisteanna áirithe eile ar a dtuairiscím mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tabhairt le fios agam ina leith sin.

**Andrew Harkness**  
Le haghaidh agus thar ceann an  
Ard-Reachtair Cuntas agus  
Ciste

An 20 Nollaig 2021

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Comhaltaí Boird

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird freagrachtaí na gcomhaltaí Boird as an méid seo a leanas:

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 22 den Acht um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2000
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta cuí, agus
- an rialú inmheánach sin a dheimhniú siad is gá lena chumasú ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaóis nó earráid is cúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2000 chun iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun tuairisciú a dhéanamh orthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais, ina n-iomláine, saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaóis nó earráid is cúis leis. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal de dhearbhu, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfidh iniúchadh faoina dtugtar i gcomhréir leis na Cllanna i gcónaí míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Féadfaidh míshonruithe eascairt ó chalaóis nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más féidir súil réasúnta a bheith leis go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Cllanna, déanaim breithiúnas gairmiúil agus leanann amhras gairmiúil a bheith orm i gcaitheamh an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh agam,

- Sainaitním agus measúnaím na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais, cé acu más calaóis nó earráid is cúis leis, dearaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighim fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca a chruthaítear nuair nach mbraítear míshonrú ábhartha a eascraíonn as calaóis níos airde ná riosca a eascraíonn as earráid, mar gheall go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, míléiriú, nó gabháil i dtreis ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí faoi na cúinsí, ach nach bhfuil cuí ar mhaithe le tuairim a léiriú faoi éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhair.

- Bainim tatal a bhaint as oiriúnacht na húsáide a bhaintear an bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cé acu arb ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a chur faoi amhras suntasach chun leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim an tatal as gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a thabhairt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhair sna ráitis airgeadais nó, mura cuí an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a bhunathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo mar chúis leis, áfach, go gcuirfidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh deireadh le leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, an nochtadh san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear sna ráitis airgeadais na bun-idirbhearta agus imeachtaí ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc ceisteanna eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, aon easnaimh i rialú inmheánach ina measc a shainaitním i rith m'iniúchta.

#### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis siúd agus ní léirim aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe faoi.

I dtaobh m'iniúchta ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Cllanna chun an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuair mé san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má bhainim an tatal as, bunaithe ar an obair a rinne mé, go ndearnadh an fhaisnéis eile seo a mhíshonrú go hábhartha, tá orm sin a thabhairt le fios.

#### Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithniúcháin speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscim má shainaitním ceisteanna ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Lorgaim fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscim más shainaitním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun a gcíoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscim, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- Ní bhfuair mé, i mo thuairim, an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I mo thuairim, níor leor na taifid chuntasaíochta lena ligean dom na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart, nó
- Níl na ráitis airgeadais, i mo thuairim, i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

**AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH**  
**An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta**  
**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020**

	Nóta	2020 €	2019 €
<b>Ioncam</b>			
Deontais an Oireachtais	2	56,048,557	56,454,385
Glanchistiú larchurtha Sochair Scoir	15 (c)	1,113,000	1,240,000
Ioncam Eile	3	23,679	28,822
<b>Ioncam Iomlán</b>		<b>57,185,236</b>	<b>57,723,207</b>
<b>Caiteachas</b>			
Luach Saothair	4	5,043,093	4,830,333
Táillí agus Costais Chomhaltaí Boird		66,059	77,028
Costais Sochair Scoir	15 (a)	2,116,000	2,279,000
Costais Riaracháin	5	3,717,485	3,426,733
Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFSanna)	8	17,401,047	16,246,677
Seirbhísí Buiséadta agus Comhairle Airgid (an SBCA)	9	22,221,208	21,910,917
Acmhainní Faisnéise	10	171,785	187,476
Beartas agus Taighde Sóisialta	11	114,440	122,319
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	12	3,321,366	2,379,709
Abhcóideacht	13	3,946,776	4,326,821
Oiliúint/Ríomhfhoghlaim	14	307,794	255,387
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>58,427,053</b>	<b>56,042,400</b>
<b>Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasáí</b>		<b>(1,241,817)</b>	<b>1,680,807</b>
Aistriú Sócmhainní	22	(3,011,429)	0
Aistriú ó / (chuig) an gCuntas Caipitil	21	2,480,942	(375,354)
<b>Barrachas / (Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasáí</b>		<b>(1,772,304)</b>	<b>1,305,453</b>
Iarmhéid a tugadh anonn an 1 Eanáir		3,485,996	2,180,543
<b>Iarmhéid a tugadh anonn an 31 Nollaig</b>		<b>1,713,692</b>	<b>3,485,996</b>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Seán Sheridan  
 Comhalta Boird -  
 Dáta: 16/12/2021

John Saunders  
 Comhalta Boird  
 Dáta: 16/12/2021

**AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH**  
**An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach**  
**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020**

	Nóta	2020 €	2019 €
<b>Barrachas / (Easnamh) i ndiaidh leithreasáí</b>		<b>(1,772,304)</b>	<b>1,305,453</b>
Gnóthachain / (Cailteanas) ó Thaithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir	<b>15 (d)</b>	724,000	2,469,000
Athrú ar Thiomhdí faoi Luach Reatha na n-Oibleagáidí Sochair Scoir		693,000	(7,030,000)
<b>Gnóthachan / (Cailteanas) Achtúireach Iomlán Achtúireach sa bhliain</b>		<b>1,417,000</b>	<b>(4,561,000)</b>
Coigeartú ar Chistiú Iarchurtha Sochair Scoir		(1,417,000)	4,561,000
<b>Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain</b>		<b>(1,772,304)</b>	<b>1,305,453</b>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Seán Sheridan  
 Comhalta Boird -  
 Dáta: 16/12/2021

John Saunders  
 Comhalta Boird  
 Dáta: 16/12/2021

**AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH**  
**An Ráiteas ar an Staid Airgeadais**  
**Amhail an 31 Nollaig 2020**

	Nóta	2020 €	2019 €
<b>Sócmhainní Neamh-Reatha</b>			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	16	4,205,019	6,685,961
<b>Sócmhainní Iomlána Neamh-Reatha</b>		<b>4,205,019</b>	<b>6,685,961</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infháltais	19	891,831	1,738,308
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		1,260,826	2,201,635
		<b>2,152,657</b>	<b>3,939,943</b>
<b>Dlíteanais Reatha (suimeanna atá dlíte laistigh de bhliain amháin)</b>			
Suimeanna Iníoctha	20	(438,965)	(453,947)
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b>1,713,692</b>	<b>3,485,996</b>
<b>Sochair Scoir</b>			
Oibleagáidí Sochair Scoir	15 (b)	(62,813,300)	(63,117,300)
Sócmhainn Chistithe Iarchurtha Sochair Scoir	15 (b)	62,813,300	63,117,300
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>		<b>5,918,711</b>	<b>10,171,957</b>
<b>Ina bhfuil</b>			
Cuntas Caipitil	21	4,205,019	6,685,961
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		1,713,692	3,485,996
		<b>5,918,711</b>	<b>10,171,957</b>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Seán Sheridan  
 Comhalta Boird -  
 Dáta: 16/12/2021

John Saunders  
 Comhalta Boird  
 Dáta: 16/12/2021

**AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH**  
**An Ráiteas ar Shreafaí Airgid**  
**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020**

	2020	2019
	€	€
<b>Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
(Barrachas Caiteachais os cionn Ioncaim) / Barrachas Ioncaim os cionn Caiteachais	(1,772,304)	1,305,453
Dímheas agus Lagú Sócmhainní Seasta	651,898	476,150
Laghdú / (Méadú) ar Infháiltais	846,477	(87,254)
(Laghdú) ar Earraí Iníoctha	(14,982)	(592,747)
Aistriú ó / (chuig) an gCuntas Caipitil	(2,480,942)	375,354
Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	3,011,429	0
<b>Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>241,576</b>	<b>1,476,956</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>		
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	(1,182,385)	(851,504)
<b>Glan-Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>	<b>(1,182,385)</b>	<b>(851,504)</b>
<b>(Glanlaghdú) / Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim</b>	<b>(940,809)</b>	<b>625,452</b>
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Eanáir	2,201,635	1,576,183
<b>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Nollaig</b>	<b>1,260,826</b>	<b>2,201,635</b>



# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 1. Beartais Chuntasáíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasáíochta agus na beartais shuntasacha chuntasáíochta lenar ghlac an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

#### (a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoin Acht um Chomhairle, 2000, agus tá a cheannoifig suite ag 43 Sráid Chnoc na Lobhar, Baile Átha Cliath 2. Leagtar amach príomhchuspóirí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh i gCuid 2 den Acht um Chomhairle, 2000. Aonán Leasa Pobail (ALP) is ea an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Soláthraítear Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh trí chuideachtaí neamhspleácha a fheidhmítear faoi chomhaontú leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ní bhaineann gaolmhaireacht phríomhaí agus ghníomhaí le hábhar. Dá bharr, ní áirítear sócmhainní agus dlíteanais na gcuideachtaí seo leis na ráitis airgeadais.

Leasaigh Cuid 4 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008 an tAcht um Chomhairle, 2000 (arna leasú ag an Acht um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2007) chun feidhmeanna an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a shíneadh agus soláthar na Seirbhíse Buiséadta agus Comhairle Airgid (an SBCA) agus freagrachtaí gaolmhara a chur san áireamh. Áirítear leo seo an SBCA a chur chun agus a fhorbairt, eolas faoin tseirbhís a sholáthar agus oideachas poiblí a sholáthar faoi bhainistíocht airgid. Rinneadh foráil ann freisin go ndéanann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sonraí a thiomsú, go dtéann sé i mbun taighde, agus go gcuireann sé comhairle agus eolas ar fáil don Aire Coimirce Sóisialaí maidir leis an SBCA. Bhí éifeacht le sannadh na bhfreagrachtaí seo an 13 Iúil 2009.

Soláthraítear na Seirbhísí Buiséadta agus Comhairle Airgid trí chuideachtaí neamhspleácha a fheidhmítear faoi chomhaontú leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ní bhaineann gaolmhaireacht phríomhaí agus ghníomhaí le hábhar. Dá bharr, ní áirítear sócmhainní agus dlíteanais na gcuideachtaí seo sna ráitis airgeadais. Tá úsáid agus diúscairt sócmhainní atá cistithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi réir srianta atá leagtha amach sa chomhaontú. Áirítear leis na ráitis airgeadais caiteachas a taibhíodh agus na cuideachtaí á gcistiú i rith na bliana. Feidhmítear an SBCA agus SBCA an Lucht Siúil Náisiúnta faoi chomhaontuithe ar leith leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ní bhaineann gaolmhaireacht phríomhaí agus ghníomhaí le hábhar.

Feidhmítear an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta faoi chomhaontuithe ar leith leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus ní bhaineann gaolmhaireacht phríomhaí agus ghníomhaí le hábhar. Soláthraíonn an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas seirbhís neamhspleách, rúnda agus saor in aisce a oibríonn go heisiach don duine a úsáideann an tseirbhís, agus cloíonn sé leis na caighdeáin ghairmiúla is airde. Déanann Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta an fháil atá ar sheirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin do dhaoine Bodhra in Éirinn a chur chun cinn agus a chinntiú agus déanann sé ionadaíocht dó.

#### (b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA).

#### (c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dlíteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasáíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Coimirce Sóisialaí le haontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na beartais chuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhítear ag déileáil le hearraí a mheastar atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### (d) Ioncam

#### Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhruithe; eisceacht amháin ina leith seo iad Deontais an Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáiltais airgid.

#### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe.

### (e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach, agus coigeartaítear iad d'aon fhoráil le haghaidh lagú. Luaitear dímheas i leith gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruilse, ar rátaí a mheastar chun díscríobh a dhéanamh ar an gcostas measta iarmharach atá ar gach sócmhainn ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh a saoil mheasta úsáide, mar seo a leanas:

(i) Trealamh Ríomhaire	Líne Dhíreach	33 1/3% sa bhliain
(ii) Trealamh Oifige	Líne Dhíreach	20% sa bhliain
(iii) Troscán Oifige	Líne Dhíreach	12½% sa bhliain
(iv) Feithiclí	Líne Dhíreach	25% sa bhliain
(v) Áitreabh (faoi Úinéireacht)	Saolré gheilleagrach gach réadmhaoine (40 bliain)	
(vi) Áitreabh (ar Léas)	Saolré gheilleagrach gach réadmhaoine (25 bliain i gcás Theach Ché Sheoirse agus 40 bliain do gach áitreabh eile ar léas)	

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí faoi láthair i ndiaidh sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta diúscairthe a asbhaint, má bhí aois bainte amach ag an tsócmhainn cheana féin agus má bhí an bhail uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáide.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil i leith lagú luach sócmhainne, aithnítear cailteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain.

Tá beartas ag an mBord ina ndéantar athluacháil ar a Sócmhainní Áitribh atá faoina úinéireacht gach cúig bliana. Thug gnóthas neamhspleách sainchomhairleoirí réadmhaoine faoi athluacháil ar bhunús Luach Margaidh agus Úsáide Reatha an 31 Nollaig 2018.

Luaitear sócmhainní a rinneadh a athluacháil ar a luacháil lúide dímheas carnach. Nuair a rinneadh sócmhainn a athluacháil, bunaítear an muirear dímheasa ar mhéid athluacháilte shaolré úsáideach na sócmhainne atá fós fágtha. Deimhnítear an gnóthachan nó an cailteanas ar dhiúscairt nó scor sócmhainne seasta mar an difríocht idir fáiltais an díola agus suim ghlanluacha na sócmhainne agus aithnítear é sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.

Cuirtear gnóthachain athluachála chun sochair an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach, mura bhfuil cailteanais a aithníodh roimhe seo á n-aisiompú acu a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim. Gearrtar cailteanais athluachála ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim, mura bhfuil gnóthachain a cuireadh do shochar an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta roimhe seo iad.

### (f) Infháiltais

Aithnítear infháiltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is soláthar sonrath é an soláthar i leith fiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar i leith fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### (g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim i gcaitheamh shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas nuair a bhaineann méaduithe cíosa leis an ráta ionchasach boilscithe, agus aithnítear na méaduithe seo sa chás seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

### (h) Sochair Fostaí

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

#### Sochair Scoir

I mí na Nollag 2014, rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA) cinneadh chun socruithe leasaithe riaracháin a thabhairt isteach chun scéimeanna aoisliúntais a bhunú agus a fhaomhadh i gcomhlachtaí stáit neamhthráchtála, an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ina measc. Dhear an RCPA na socruithe leasaithe chun soláthar seirbhíse níos éifeachtúla agus níos cost-éifeachtúla a sholáthar i Ranna agus gníomhaireachtaí stáit trí riar aoisliúntais a shimpliú agus a nuachóiriú. Rinne an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh breathnóireacht, a cuireadh faoi bhráid an RCPA agus tá dréacht na scéime ar feitheamh go gcuirfidh an RCPA a ainm leis mar chéim dheiridh, agus cuirfidh an tAire Coimirce Sóisialaí agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a n-ainmneacha leis ina dhiaidh sin.

Íoctar sochair aoisliúntais, faoi láthair, le foireann an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh a bhíodh mar fhoireann roimhe seo leis an mBord Náisiúnta Athshlánúcháin (an BNA) ar aon dul le téarmaí na Scéime Aoisliúntais Rialtais Áitiúil; íoctar sochair leis an bhfoireann a bhíodh mar fhoireann roimhe seo leis an mBord Seirbhís Sóisialta Náisiúnta (an BSSN) ar aon dul le téarmaí na Scéime Aoisliúntais do Ghníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe; agus íoctar sochair leis an bhfoireann a bhí fostaite ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh sular bunaíodh é agus a théann ar scor ar aon dul le téarmaí na Scéime Aoisliúntais do Ghníomhaireachtaí Sláinte Ainmnithe nó na Scéime Aonair.

Scéimeanna pinsin le sochar sainithe iad na scéimeanna seo atá cistithe go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead atá ar fáil don Bhord, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó ranníocaíochtaí ó thuarastail foirne.

Léirítear i gcostais phinsin sochair phinsin a thuill fostaite sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, a choimeádann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar luach cóir, a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta inar thuill fostaite iad. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

Rinneadh dlí den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an 28 Iúil 2012 agus tugadh isteach ann an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair nua (“an Scéim Aonair”), a cuireadh tús leis le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Baill den Scéim Aonair iad gach fostaí nua leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, arb iontrálaithe nua iad san Earnáil Phoiblí, an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí fostaí faoin scéim leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### (i) An Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil:

- (i) Luach gan amúchadh an ioncain a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú; agus
- (ii) An barrachas neamhamúchta a thagann chun solais ar athluacháil sócmhainní seasta.

### (j) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasáiochta Criticiúla

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann dífeall do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail an dáta tuairiscithe agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. D'imir na breithiúnais seo a leanas an tionchar ba shuntasá ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

#### Lagú Maoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchta a athbhreithniú i dtaobh lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear cailteanas lagaithe don tsuim sin lena sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim inghnóthaithe. Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus an luach cóir is airde a bhíonn ar shócmhainn lúide an costas a bhíonn ar an tsócmhainn sin a dhíol agus an luach a bhíonn uirthi fad a bhíonn úsáid á baint aisti. Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar féidir iad a shainaithint ar leithligh (aonaid ghinte airgid thirim). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos le lagú a athbhreithniú i dtaobh aisiompú féideartha an lagaithe ag gach dáta tuairiscithe.

#### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na saolréanna sócmhainne agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme shócmhainne seasta agus, go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain siad an tátal as go bhfuil saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha cuí.

#### Oibleagáid Sochair Scoir

Nuashonraítear na toimhdí atá faoi na luachálacha achtúireacha a ndéantar cinneadh orthu i dtaobh na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treorátaí costas cúram sláinte) gach bliain bunaithe ar choinníollacha reatha geilleagracha, agus i dtaobh aon athruithe a thagann ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- (i) An ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán;
- (ii) Leibhéil chúitimh amach anseo;
- (iii) Coinníollacha margadh saothair amach anseo;
- (iv) Treorátaí costas cúram sláinte; agus
- (v) Rátaí an bhoilscithe ar chostas leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. Deontais an Oireachtais

	Fotheideal	2020 €	2019 €
<b>An Roinn Coimirce Sóisialaí (an RCS)</b>			
Deontais do chaiteachas reatha (Vóta 37)	<b>A.42</b>	57,705,686	56,959,000
Barrachas anuraidh á choimead siar ag an RCS*		(1,712,999)	(475,984)
Ranníocaíochtaí na Scéime Aonair a íocadh leis an RCPA		(79,130)	(52,631)
<b>Cistiú Stáit Eile</b>			
An RGET - Éireannaigh Thar Lear		85,000	0
An RCPA - Ciste Nuálaíochta na hEarnála Poiblí		50,000	24,000
<b>Iomlán</b>		<b>56,048,557</b>	<b>56,454,385</b>

\*Rinne an RCS barrachas cistithe a tugadh anonn a shiarchoinneáil tríd an deontas a laghdú a leithdháileadh ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 3. Ioncam Eile

	Nóta	2020	2019
		€	€
Ioncam Eile		17,947	15,664
Deontais a Tugadh ar Ais		5,732	13,158
		<b>23,679</b>	<b>28,822</b>

### 4. Luach Saothair

#### (a) Sochair Fostaí Chomhiomlána

	Nóta	2020	2019
		€	€
Sochair ghearrthéarmacha foirne		4,590,161	4,410,502
Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach		452,932	419,831
		<b>5,043,093</b>	<b>4,830,333</b>

Ba é an líon iomlán foirne a bhí fostaithe (coibhéis lánaimseartha) ag deireadh na bliana 83.86 (2019: 74.8) Cuimsítear sna líonta foirne beirt chomhaltaí foirne a tugadh ar iasacht leis an mBord ón Roinn Coimirce Sóisialaí in 2020.

Asbhaineadh €97,799 (2019: €121,907) ón bhfoireann trí ranníocaíocht bhreise na hearnála poiblí agus íocadh é leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Cuimsítear sna costais tuarastail costas do phá saoire arb ionann agus €73,134 é (2019: €53,808).

Níl ach bunphá i gceist le sochair ghearrthéarmacha foirne, níor tabhaíodh aon chaiteachas in 2020 agus 2019 ar chostais ragoibre/liúntas agus foirceanta.

#### (b) An Príomhphearsanra Bainistíochta

Is éard atá sa phríomhphearsanra bainistíochta sa Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an POF, an Bhainistíocht Shinsearach agus comhaltaí an Bhoird. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus costais Chomhaltaí an Bhoird san áireamh, agus €576,517 (2019: €559,211). Ní áirítear leis seo luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Comhaltaí de scéim pinsin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh iad an Príomhphearsanra Bainistíochta agus ní sháraíonn a teidlíochtaí ina leith sin téarmaí scéim pinsin seirbhíse samhla na hearnála poiblí. Bhí Bainisteoir Sinsearach amháin ina chomhalta de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí i rith 2020 agus 2019.

#### (c) Tuarastal agus Costais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Íocadh íocaíochtaí tuarastail €118,797 (2019: €113,511) leis an bPríomhfheidhmeannach. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónaís sa bhliain. Tá an Príomhfheidhmeannach mar chomhalta de scéim earnála poiblí neamhchistithe le sochar sainithe agus ní sháraíonn a teidlíochtaí pinsin na teidlíochtaí caighdeánacha atá i scéim aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí.

#### (d) Réimse na sochar iomlán fostaithe

Sochair fostaí ghearrthéarmacha*		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2020	2019
€60,000	- €69,999	20	18
€70,000	- €79,999	9	7
€80,000	- €89,999	1	3
€90,000	- €99,999	1	2
€100,000	- €124,999	4	2

\*Áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe, tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra leo.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 5. Costais Riaracháin

	Nóta	2020 €	2019 €
Cóiríocht agus Bunú	6	1,847,395	1,866,275
Taisteal agus Cothabháil (Intíre)		19,474	114,335
Taisteal agus Cothabháil (Idirnáisiúnta)		0	5,140
Páipéarachas agus Soláthairtí Oifige		6,512	18,800
Postas		26,202	48,563
Sainchomhairleoireacht agus Tuarascálacha	7	312,566	231,550
Earcaíocht		35,023	12,393
Caidreamh Poiblí		175,096	16,426
Seimineáir agus Cruinnithe		15,629	36,316
Árachas		457,945	432,763
Foilseacháin an Bhoird agus Earraí Ilghnéitheacha		25,163	21,014
Táillí Cleamhnaithe		19,555	20,408
Táillí Iniúchta Sheachtraigh*		23,300	35,600
Táillí Achtúireacha		5,535	5,535
Táillí Iniúchta Inmheánaigh		84,161	69,676
Dímheas		651,898	476,150
Drochfhiachais/Fiachais Amhrasacha		0	100
Ús agus Táillí		797	829
Leabharlann		7,928	0
Eile**		3,306	14,860
		<b>3,717,485</b>	<b>3,426,733</b>

\*Áirítear le Táillí Iniúchta Sheachtraigh táille iniúchta agus táillí athluachála réadmhaoine.

\*\* Níor tabhaíodh aon chaiteachas ar fháilteachas in 2020 (2019: €nialas).

### 6. Cóiríocht agus Bunú

	Nóta	2020 €	2019 €
Cíos agus Rátaí		1,262,443	1,185,086
Solas agus Téamh		63,368	66,153
Cothabháil agus Slándáil		515,582	606,912
Cartlannú		6,002	8,124
		<b>1,847,395</b>	<b>1,866,275</b>

### 7. Sainchomhairleoireacht agus Tuarascálacha

	Nóta	2020 €	2019 €
Seirbhísí Iontaobhaí Pinsin do Chomhpháirtithe Soláthair		0	9,020
Seirbhísí Tacaíochta Acmhainní Daonna do Sheirbhísí Soláthair		112,023	77,944
Clár Cúnaimh d'Fhostaithe		3,412	9,812
Sainchomhairleoireacht Pinsin		2,940	7,034
Seirbhísí Próiseála Párolla		112,380	106,476
Táillí Dí Ginearálta		25,477	21,166
Táillí Dí Díúscartha Réadmhaoine		24,716	0
Tacaíocht Soláthair		31,618	0
Eile		0	98
		<b>312,566</b>	<b>231,550</b>

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 8. Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh (SFSanna)

	Nóta	2020 €	2019 €
Deontais um Fhaisnéis do Shaoránaigh		15,705,877	14,414,645
Tacaíocht Lárnach do Sheirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh			
Comhdhálacha, Seimineáir agus Cruinnithe		23,357	59,396
Comhdháil agus Aitheantas Oibrithe Deonacha		0	32,986
Fógraíocht agus Promóisean		138,963	161,667
An tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh		1,251,419	1,267,500
An tAonad Taistil		0	1,083
Tacaíochtaí Faisnéise		281,431	309,400
		<b>17,401,047</b>	<b>16,246,677</b>

### 9. An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (an SBCA)

	Nóta	2020 €	2019 €
Deontais an SBCA		16,787,825	16,154,163
Tacaíocht Lárnach don SBCA			
Fógraíocht agus Promóisean		104,802	11,954
Cruinnithe/Tionscadail agus Taighde		108,780	122,229
Forbairt Náisiúnta an SBCA (MABSnd)		266,582	1,535,248
Tacaíocht an SBCA		1,209,076	0
Riaráistí Morgáiste Tiomnaithe		1,974,798	1,827,728
Tionscadal Micriasachta Pearsanta		78,200	55,000
Abhaile		1,691,145	2,204,595
		<b>22,221,208</b>	<b>21,910,917</b>

Ba sheirbhís lárnach tacaíochta teicniúla é MABSnd a sholáthair tacaíocht agus oiliúint do chuideachtaí an SBCA. Rinne MABSnd bainistíocht, chomh maith, ar líne náisiúnta ghutháin, láithreán gréasáin agus córas faisnéise cliant (MABSIS) an SBCA. Aistríodh gníomhaíochtaí an SBCA aistríodh chuig Tacaíocht an SBCA i bhFeabhra 2020 seachas i gcás Líne Chabhreach an SBCA, a aistríodh chuig SBCA Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Chuaigh an SBCA faoi leachtú i bhFeabhra 2020.

Seirbhís lárnach é Tacaíocht an SBCA a sholáthraíonn tacaíocht do chuideachtaí réigiúnacha an SBCA le dea-chleachtas agus comhairle theicniúil ar chásobair chliant, caighdeán cháilíochta agus oiliúint a chur ar fhoireann an SBCA. I gcomhar leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, déanann Tacaíocht an SBCA sraitheanna straitéisí bainistíochta airgid a fhorbairt, foilseacháin i gcruachóip agus ar líne a tháirgeadh, córas bainistíochta cliant an SBCA a chothabháil, anailís agus taighde sonraí agus aighneachtaí beartais shóisialta a dhéanamh.

I ndiaidh don rialtas cinneadh a dhéanamh, síneadh an tionscadal Riaráistí Morgáiste Tiomnaithe go dtí deireadh 2022. Is é príomhdhírú an tionscadail seo chun daoine tiomnaithe, arb é déileáil le cásanna Riaráistí Morgáiste an t-aon chuspóir atá acu, a shuíomh in oifigí an SBCA.

Beidh clár Abhaile ar siúl ó 2016 go dtí 2022. Is seirbhís nua í Abhaile atá ann chun cabhrú le húinéirí tí réiteach a aimsiú nuair atá siad i mbaol a dteach a chailleadh. Cuireann sé dearbháin saor in aisce ar fáil chun comhairle agus cabhair airgeadais agus dlí a fháil ó shaineolaithe saor in aisce, atá ar fáil tríd an SBCA. In 2020, chuimsigh caiteachas faoin gclár seo an costas a bhí ar na dearbháin a sholáthar le haghaidh Cleachtóirí Dócmhainneachta Pearsanta agus Cuntasóirí agus an costas a bhain le Feachtas Cumarsáide an chláir a reáchtáil.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 10. Acmhainní Faisnéise

Nóta	2020	2019
	€	€
Forbairt Láithreán Gréasáin Chúnammh Éireann	0	363
Faisnéis ar Líne - Aistriúcháin	14,075	13,303
Forbairt Láithreán Gréasáin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh	53,176	38,233
Foilseacháin	50,964	47,965
Ciste Nuálaíochta na hEarnála Poiblí	14,612	14,071
Na Meáin Shóisialta	8,054	0
Leabharlann	8,189	22,850
Forbairt Ábhair	22,715	50,691
	<b>171,785</b>	<b>187,476</b>

### 11. Beartas Sóisialta agus Taighde

Nóta	2020	2019
	€	€
Tacaíocht Taighde	23,701	29,448
Taighde ar Mhíchumas agus Faisnéis	40,987	33,911
Tuarascálacha Beartais Shóisialta	35,071	47,788
Deontais Bheartais Shóisialta	11,100	7,873
Ilghnéitheach	3,581	3,299
	<b>114,440</b>	<b>122,319</b>

### 12. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Nóta	2020	2019
	€	€
Teileachumarsáid	818,572	659,432
Bogearraí agus Ceadúnú	241,452	166,483
Crua-Earraí Eile	20,372	29,424
Tacaíocht TFC	683,452	647,909
Bonneagar TFC a Bhainistítear go hIomlán	633,426	481,816
Slándáil	320,174	331,514
Chaipitil	603,918	63,131
	<b>3,321,366</b>	<b>2,379,709</b>



# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 13. Abhcóideacht

	Nóta	2020 €	2019 €
Deontas don tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas		3,216,279	3,250,954
Deontas don Chlár Oibrí Tacaíochta Abhcóideachta		33,809	445,672
Deontas don tSeirbhís Ateangaireachta Comharthaíochta		583,424	528,835
Teanga Chomharthaíochta na hÉireann		65,934	0
Córas Faisnéise Bainistíochta (CFB)/Córas Bainistíochta Cásanna Abhcóideachta		44,962	96,839
Rochtain		1,208	0
Cruinnithe		1,160	4,521
		<b>3,946,776</b>	<b>4,326,821</b>

Bunaíodh an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas i Samhain 2013 agus feidhmíonn sí faoi chomhaontú seirbhíse leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun seirbhísí abhcóideachta a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas. Soláthraíonn an tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas seirbhís neamhspleách, rúnda agus saor in aisce a oibríonn go heisiach don duine a úsáideann an tseirbhís, agus cloíonn sé leis na caighdeáin ghairmiúla is airde. Déanann Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta an fháil atá ar sheirbhísí ateangaireachta ardchaighdeáin do dhaoine Bodhra in Éirinn a chur chun cinn agus a chinntiú agus déanann sé ionadaíocht dó.

### 14. Oiliúint/Ríomhfhoghlaim

	Nóta	2020 €	2019 €
Seirbhísí Oiliúna		166,250	109,986
Oiliúint Foirne		50,016	81,068
Oiliúint Abhcóideachta		22,878	12,539
Moodle		19,570	23,339
Forbairt Cúrsaí		49,080	28,455
		<b>307,794</b>	<b>255,387</b>

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 15. Costais Sochair Scoir

**(a) Anailís ar na costais iomlána sochar scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta**

	2020	2019
	€	€
Costais na Seirbhíse Reatha	1,685,000	1,472,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Sochar Scoir	749,000	1,133,000
Ranníocaíochtaí Fostaí	(318,000)	(326,000)
	<b>2,116,000</b>	<b>2,279,000</b>

**(b) Gluaiseacht ar ghlanóibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais**

	2020	2019
	€	€
Glanóibleagáid Sochar Scoir amhail an 1 Eanáir	(63,117,300)	(57,316,300)
Costais na Seirbhíse Reatha	(1,685,000)	(1,472,000)
Costais Úis	(749,000)	(1,133,000)
Gnóthachan /(Caillteanas) Achtúireach	1,417,000	(4,561,000)
Pinsin a Íocadh sa Bhliain	1,321,000	1,365,000
<b>Glanóibleagáid Sochair Scoir an 31 Nollaig</b>	<b>(62,813,300)</b>	<b>(63,117,300)</b>

**(c) Cistíú iarchurtha do shochair scoir**

Aithníonn an Bord na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do shochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú scéimeanna sochair scoir agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an glanchistíú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

	2020	2019
	€	€
Cistíú atá Inghnóthaithe maidir le Costais Sochar Scoir na Bliana Reatha	2,434,000	2,605,000
Deontas Stáit a úsáideadh chun Sochair Scoir a íoc	(1,321,000)	(1,365,000)
	<b>1,113,000</b>	<b>1,240,000</b>

B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2020 agus €62.8m (2019: €63.1m).

**(d) Stair na n-oibleagáidí le sochar sainithe**

	2020	2019	2018	2017	2016
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáidí le Sochar Sainithe	62,813	63,117	57,316	61,842	62,156
Caillteanas / (Gnóthachain) ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime le Sochar Sainithe	(724)	(2,469)	(629)	280	(2,123)
Céatadán na nDlitéanas Scéime	1%	4%	1%	0%	(3%)

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### (e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Reáchtálann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh na scéimeanna a leanas le sochar scoir sainithe i leith a chuid fostaithe:

- (i) D'fhostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:  
Scéim Aoisliúntais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh (tá struchtúr na scéime bunaithe ar shamhail thraidisiúnta na Seirbhíse Poiblí).
- (ii) D'fhostaithe arb iontrálaithe nua iad sa tseirbhís poiblí a ceapadh i ndiaidh an 1 Eanáir 2013:  
Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (soláthraíonn an struchtúr pinsin le sochar sainithe atá nasctha le praghasinnéacs tomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme).

Socrú tuarastail deiridh pinsin le sochar sainithe is ea scéim Aoisliúntais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ina sainítear sochair agus ranníocaíochtaí agus tagairt á déanamh do rialacháin reatha na scéime "samhla" earnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (an 1/200ú cuid de phá inphinsin a mhéid le 3 1/2 uaire an ráta reatha de Phinsean Stáit Leasa Shóisialaigh (Ranníocach) móide an t-ochtódú cuid de phá inphinsin os cionn na teorann seo (más ann dó), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú cuid de phá inphinsin sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is í an aois scoir éigeantaigh do chomhaltaí roimh 2004 breithlá 70 bliain comhalta agus tá teidlíocht acu, chomh maith, chun dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain. Tá teidlíocht ag comhaltaí i ndiaidh 2004 dul ar scor gan laghdú achtúireach a chur i bhfeidhm ó aois 65 ar aghaidh agus níl aon aois scoir éigeantaigh acu. Faoi Scéim Aoisliúntais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, féadfaidh an Bord na méaduithe siúd a dheonú ar na pinsin agus na pinsin chaomhnaithe siúd faoin scéim seo is féidir leis an Aire Coimirce Sóisialaí a údarú ó thráth go chéile le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Go dtí gur thit an ghéarchéim airgeadais amach, bhí sé de nós cur le pinsin ar aon dul le méaduithe pá de réir iarghrád an duine. Is éard atá ag tarlú ó 2010 ná go bhfuil pá agus pinsin na seirbhíse poiblí faoi réir laghduithe ar leith. Faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 go 2020, tá comhaontú ann maidir le fillleadh ar an modh coigeartaithe pinsin neamhreachtuil, nasctha le pá a bhí i bhfeidhm go dtí tús na géarchéime airgeadais. Tá teorainn ama ar an mbeartas seo maidir le méadú pinsin (chuaigh sé in éag ag deireadh 2020) agus tá sé faoi réir choinníollacha.

Is é an Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair (Scéim Aonair) arb an scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís poiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar soláthar sa scéim do phinsean agus do chnapshuim scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin meánach gairme, agus pinsin chéile agus leanaí. Is é an gnáthaois scoir faoin Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair an aois cháilitheach don Phinsean Stáit (Ranníocach) ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Is í an aois scoir éigeantaigh breithlá 70 bliain comhalta. Tagann méadú ar phinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) ar aon dul leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do nochtadh FRS102 ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe an 8 Feabhra 2021, agus riachtanais FRS á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais scéime an 31 Nollaig 2020.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

(f) *Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:*

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
Ráta an Mhéadaithe ar Thuarastail	2.90%	3.00%
Ráta an Mhéadaithe ar Shochair Scoir atá á n-íoc	2.15%	3.00%
Ráta Lascaine	0.60%	1.20%
Ráta Boilscithe	1.40%	1.50%
<u>Ionchais saoil</u>	<b>2020</b>	<b>2019</b>
Fear, aois 45 anois	22.8	22.7
Fear, aois 65 anois	21.4	21.4
Bean, aois 45 anois	25.1	25.1
Bean, aois 65 anois	24.0	23.9

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 16. Maoin, Gléasra agus Trealamh

2020	Áitreabh faoi Úinéireacht €	Áitreabh ar Léas €	Mótarfheithiclí €	Trealamh Ríomhaire €	Trealamh Oifige €	Trosacán Oifige €	Iomlán €
<b>Costas</b>							
An 1 Eanáir	3,835,000	3,720,983	89,277	2,123,243	656,695	737,089	11,162,287
Breisiúcháin	0	93,823	0	1,078,580	2,575	7,407	1,182,385
Diúscairtí	(3,100,000)	0	0	0	(641,434)	(138,971)	(3,880,405)
<b>An 31 Nollaig</b>	<b>735,000</b>	<b>3,814,806</b>	<b>89,277</b>	<b>3,201,823</b>	<b>17,836</b>	<b>605,525</b>	<b>8,464,267</b>
<b>Dímheas</b>							
An 1 Eanáir	109,571	1,513,059	89,277	1,386,131	655,945	722,343	4,476,326
Muirear don bhliain	21,000	114,099	0	512,438	558	3,803	651,898
Diúscairtí	(88,571)	0	0	0	(641,434)	(138,971)	(868,976)
<b>An 31 Nollaig</b>	<b>42,000</b>	<b>1,627,158</b>	<b>89,277</b>	<b>1,898,569</b>	<b>15,069</b>	<b>587,175</b>	<b>4,259,248</b>
<b>Glanluach Leabhar</b>							
An 1 Eanáir	3,725,429	2,207,924	0	737,112	750	14,746	6,685,961
Glanghluaiseacht don bhliain	(3,032,429)	(20,276)	0	566,142	2,017	3,604	(2,480,942)
<b>An 31 Nollaig</b>	<b>693,000</b>	<b>2,187,648</b>	<b>0</b>	<b>1,303,254</b>	<b>2,767</b>	<b>18,350</b>	<b>4,205,019</b>

- (i) Tá beartas ag an mBord ina ndéantar athluacháil ar na háitreabh atá faoina úinéireacht gach cúig bliana. Amhail an 31 Nollaig 2018, dheimhnigh luachálacha gurbh fhiú na foirgnimh €3.835m.
- (ii) Baineann luach sócmhainní Áitribh ar léas le caiteachas caipitlithe ar an Réadmhaoin Léasachta a liostaítear faoi Nóta 17.
- (iii) Rinne an BFS réadmhaoin ruilse a dhiúscairt in Iúil 2020, féach Nóta 22 chun teacht ar shonraí.
- (iv) Thug an BFS faoi thionscadal forleathan le trealamh oifige agus troscán oifige as feidhm a shainaitheant agus a dhíluacháil. Críochnaíodh an cleachtadh seo i bhFeabhra 2021. Tuairiscíodh díluacháil iomlán €780,405 in 2020, bhí glanluach nialasach de réir na leabhar ag na sócmhainní go léir.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

2019	Áitreabh faoi Úinéireacht €	Áitreabh ar Léas €	Mótarfheithiclí Feithiclí €	Trealamh Ríomhaire €	Trealamh Oifige €	Troscán Oifige €	Iomlán €
<b>Costas</b>							
An 1 Eanáir	3,835,000	3,618,990	89,277	1,382,174	656,695	728,647	10,310,783
Breisiúcháin	0	101,993	0	741,069	0	8,442	851,504
Diúscairtí	0	0	0	0	0	0	0
<b>An 31 Nollaig</b>	<b>3,835,000</b>	<b>3,720,983</b>	<b>89,277</b>	<b>2,123,243</b>	<b>656,695</b>	<b>737,089</b>	<b>11,162,287</b>
<b>Dímheas</b>							
An 1 Eanáir	0	1,402,152	89,277	1,136,368	655,607	716,772	4,000,176
Muirear don bhliain	109,571	110,907	0	249,763	338	5,571	476,150
Diúscairtí	0	0	0	0	0	0	0
<b>An 31 Nollaig</b>	<b>109,571</b>	<b>1,513,059</b>	<b>89,277</b>	<b>1,386,131</b>	<b>655,945</b>	<b>722,343</b>	<b>4,476,326</b>
<b>Glanluach Leabhar</b>							
An 1 Eanáir	3,835,000	2,216,838	0	245,806	1,088	11,875	6,310,607
Glanghluaiseacht don bhliain	(109,571)	(8,914)	0	491,306	(338)	2,871	375,354
<b>An 31 Nollaig</b>	<b>3,725,429</b>	<b>2,207,924</b>	<b>0</b>	<b>737,112</b>	<b>750</b>	<b>14,746</b>	<b>6,685,961</b>

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 17. Áitreabh

#### (a) Talamh agus Foirgnimh Ruílse

Tá talamh agus foirgnimh faoi úinéireacht an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag na láithreacha seo a leanas:

Láthair	Glanluach	Glanluach
	Leabhar	Leabhar
	Amhail an	Amhail an
	31.12.20	31.12.19
	€	€
Baile Átha Cliath	0	3,011,429
Corcaigh	462,000	476,000
Trá Lí	136,714	140,857
Leitir Ceanainn	94,286	97,143
	<b>693,000</b>	<b>3,725,429</b>

#### (b) Réadmhaoin Léasachta

Tá spás oifige ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag na láithreacha seo a leanas:

Láthair	Dáta Éagtha	Clásal Scoir	Ceangaltas	Cíos
			Léasa	Bliantúil
			€	€
<b>Ceannoifig - Baile Átha Cliath</b>				
43 Sráid Chnoc na Lobhar, Baile Átha Cliath 2	2032	-	8,873,700	739,475
<b>Oifigí Réigiúnacha</b>				
An Cabhán	Gach Mí	-	0	10,066
Gaillimh	2025	-	202,000	40,400
Cill Chainnigh	2050	-	1,183	40
Cill Chainnigh	2030	2025	138,910	28,740
Luimneach	2038	2027	790,432	117,101
Sligeach	2021	-	7,587	13,007
Tamhlacht	2033	2028	901,754	117,620
			<b>10,915,566</b>	<b>1,066,449</b>

Ceangaltais Léasa	2020	2019
	€	€
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	1,050,963	1,027,643
Iníoctha laistigh de idir dhá agus cúig bliana	4,168,714	4,066,131
Iníoctha i ndiaidh cúig bliana	5,695,889	6,710,525
	<b>10,915,566</b>	<b>11,804,299</b>

### 18. Ceangaltais Léasa

Ní raibh aon íocaíochtaí léasa íosta amach anseo á ndéanamh ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an 31 Nollaig 2020 faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe, seachas léasanna réadmhaoine a shonraítear i nóta 17.

# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 19. Infháiltais

	2020	2019
	€	€
Infháiltais Eile	3,935	16,472
Réamhíocaíochtaí	887,896	1,721,836
	<b>891,831</b>	<b>1,738,308</b>

### 20. Suimeanna Iníochta

#### *Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin*

	2020	2019
	€	€
Suimeanna Iníochta Trádála	75,176	85,360
Fabhruithe	189,089	205,986
ÍMAT agus Suimeanna Iníochta ÁSPC	174,700	162,601
	<b>438,965</b>	<b>453,947</b>

### 21. An Cuntas Caipitil

	2020	2019
	€	€
Iarmhéid tosaigh	6,685,961	6,310,607
<i>Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:</i>		
Caiteachas Caipitiúil sa bhliain	1,182,385	851,504
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	(651,898)	(476,150)
Aistriú Sócmhainní	(3,011,429)	0
<b>Iarmhéid deiridh</b>	<b>4,205,019</b>	<b>6,685,961</b>

### 22. Áitreabh a Dhiúscairt

Aistríodh áitreabh a bhí faoi úinéireacht an Bhoird i mBaile Átha Cliath trí ghníomhas tíolactha chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in Iúil 2020. Tugadh faoin aistriú seo i gcomhréir le forálacha ábhartha Chiorclán 17/2016: Beartas chun Réadmhaoin a Éadail agus Barrachas Réadmhaoine a Dhiúscairt; agus cheadaigh an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é. Do bhreithniú ainmniúil €100 a bhí an t-aistriú, a rinneadh a ghlanluacháil in aghaidh táillí dlí €24,816, a thabhaigh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an gníomhas á fhorghníomhú. Léirítear diúscairt an áitribh sna ráitis airgeadais don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2020.



# AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

### 23. Nochtadh Páirtí Ghaolmhair

Glacann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna pearsanta Comhaltaí Boird a chumhdach. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh deontais a fhaomhadh nó iontráil isteach i socruithe conarthacha eile le haonáin ina bhfostaítear nó ina mbíonn leas ag comhaltaí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, ar bhealach eile.

I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa eascairt, ní fhaigheann comhaltaí Boird cáipéisíocht Bhoird nó ní ghlacann siad páirt, ar bhealach eile, ná ní fhreastalaíonn siad ar phlé maidir leis na hidirbhearta seo.

I rith na bliana, níor iontráil an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh isteach in aon chonarthaí le páirtithe gaolmhara.

### 24. Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe

Níor thit aon imeachtaí amach idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo lena n-eisiúint óna dteastaíonn coigeartú sna ráitis airgeadais.

Measann an Bord, mar gheall go gcuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh seirbhís phoiblí ar fáil a chistítear ag airgead a sholáthraíonn an Státchiste, trína mháthair-roinn, an Roinn Coimirce Sóisialaí, is cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

### 25. Paindéim Covid-19

Sular bhris Covid-19 amach in Éirinn, chuir an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh na bearta seo a leanas i bhfeidhm le leanúnachas seirbhíse a chinntiú agus an leibhéal céanna de rialuithe inmheánacha á gcoimeád ar bun:

- (i) Chinntigh Bainisteoir Airgeadais an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh go bhféadfadh roinnt mhaith daoine teacht ar na córais go léir, go háirithe na córais bhaincéireachta agus chuntasaíochta, go cianda.
- (ii) Rinne Bainisteoirí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh teagmháil le soláthraithe lena socruithe chun oibriú go cianda a sheiceáil, mar shampla, soláthraithe TFC agus an biúró párolla.
- (iii) Chuir Acmhainní Daonna prótacail fógra i bhfeidhm dá dtiocfadh Covid-19 ar dhuine nó má rinne siad teagmháil dhlúth le duine ar a bhfuil Covid-19.
- (iv) Ordaíodh an fhoireann ríomhairí glúine a thabhairt abhaile gach lá mar bheart teagmhasach.
- (v) Rinne an POF an cinneadh i Márta 2020 go n-aistredh an eagraíocht iomlán go dtí cianoibriú.

I ndiaidh bhriseadh amach Covid-19 in Éirinn, thug an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi bhreise bearta faoi mar a shonraítear thíos:

- (i) Leag TFC an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi thosaíochtaí le cianrochtain agus trealamh a uasmhéadú (e.g. ríomhairí glúine, físchomhdháil, freastalaithe ionad glaonna, rochtain bhreise líonra phríobháidigh fhíorúil, deasc fhíorúil).
- (ii) Bhunaigh Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh seirbhís lárthithe aisghlaonna agus chuir sé leis an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh leis an bhfoireann Seirbhísí um Fhaisnéis do Shaoránaigh.
- (iii) Seoladh treoracha maidir le ceisteanna Acmhainní Daonna, breithnithe sláinte agus sábháilteachta agus um chosaint sonraí chuig na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse.
- (iv) Foilsíodh Prótacal um Fhilleadh ar Obair, treoir um chosaint sonraí agus treoir sláinte poiblí an ÚSS.

# **AN BORD UM FHAISNÉIS DO SHAORÁNAIGH**

## **Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020**

- (v) Fuarthas díoltóirí chun ábhar Covid a shuiteáil ar fud na tíre, scáileáin, comharthaíocht, díghalrán agus feistiú san áireamh.
- (vi) Chuir an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh bogearraí i bhfeidhm le feabhas a chur ar údarú digiteach sonrasc, conarthaí agus orduithe ceannaigh.
- (vii) Chuir na Cuideachtaí Soláthair Seirbhíse pleananna freagartha agus rinne siad áitreabh oiriúnach a fheistiú.
- (viii) D'fhorbair foireann Ríomhfhoghlama an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh acmhainn choiteann Covid do líonra an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.
- (ix) Leagadh sainordú ar fhoireann an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh chun tabhairt faoi oiliúint chibearshlándála agus an RGCS.
- (x) Faoi dheireadh Iúil 2020, bhí 135 áitreabh ar oscailt do chliaint i líonra cistithe an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh.
- (xi) Tosaíodh grúpa tionscadail d'fhilleadh an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar oifigí. Aontaíodh le plean freagartha i Meán Fómhair 2020 agus ceapadh agus cuireadh oiliúint ar Phríomhionadaithe na nOibríthe agus ar gharchabhróirí.
- (xii) Chuir an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh leabhair orduithe ceannaigh ar líne i bhfeidhm go dtiocfaidís in ionad an chórais pháipéarbhunaithe.

### **26. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh Bord an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh na ráitis airgeadais an 15 Nollaig 2021.